

Cruth agus spás: Feasacht ar spásúlacht agus suíomh – Moltaí don timpeallacht foghlama

SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Taispeáin stór focal, comharthaí agus siombailí cuí timpeall an tseomra ranga agus déan tagairt dóibh nuair is cuí, m.sh., *agus léarscáileanna á bhfiosrú in Oideachas Sóisialta agus Imshaoil; plé a dhéanamh ar aistír taobh amuigh den scoil, mar shampla, siúlóidí dúlra nó turais scoile; i ngníomhaíochtaí treodóireachta.*
- Imir an cluiche ‘Cá bhfuil Teidí?’ trí theidí a leagan i suíomhanna éagsúla agus iarraidh ar na páistí cur síos a dhéanamh ar an suíomh, m.sh., *tá Teidí faoin mbord/ar an gcathaoir/taobh thiar den bhord.*
- Cruthaigh agus athinis (tríd an drámaíocht, ealaín, spraoi, srl.) scéalta a bhfuil aistír mar chuid díobh, m.sh., ‘*Rosie’s Walk*’, ‘*We’re Going on a Bear Hunt*’, ‘*The Wonderful Wizard of Oz*’.
- Dear treoirleabhair taistil a bhfuil léarscáileanna iontu d’áiteanna atá san fhíorshaol nó d’áiteanna ficsein.
- Lannaigh pictiúir a bhaineann le spéiseanna na bpáistí (m.sh., *spóirt, ceol, ceolchoirmeacha, ainmhithe*) agus cuir dúshlán roimh na páistí cineálacha línte agus uillinneacha a aimsiú, a mharcáil agus a thomhas (m.sh., *línte comhthreomhara, línte trasnaithe, géaruillinneacha*).
- Dear léarscáil do thaisce foghláí mara agus tabhair treoracha maidir le conas teacht ar an taisce.
- Bain úsáid as cluichí digiteacha agus as teicneolaíocht cosúil le bréagáin róbataice nó códaithe agus cuir deiseanna ar fáil do na páistí na róbait a ríomhchlárú le treoracha a leanúint.
- Glac páirt i ndamhsaí a bhfuil teanga a bhaineann lefeasacht ar spásúlacht agus suíomh mar chuid díobh, m.sh., *Hokey Pokey, the Cha Cha Slide*.
- Bain úsáid as eispéiris saoil agus fiosrachaí na bpáistí féin mar spreagadh d’obair léarscáile agus pleanáil bealaigh, m.sh., *nuair a théann tú go dtí an cluiche i mBaile Átha Cliath ag an deireadh seachtaine, cén treo ina rachaidh tú? Céard iad na bailte/contaetha a rachaidh tú triothu? Má theastaíonn uait oibreacha bóthair in ___ a sheachaint, cén chaoi a bhféadfá do bhealach a athrú?*
- Tarraing aird ar agus aimsigh bailte, cathracha, srl., timpeall na hÉireann agus cathracha agus tíortha an domhain de réir mar a thagann siad aníos i bhfoghlaim na bpáistí agus déan plé ar a suíomh coibhneasta ag baint úsáid as an teanga chuí (m.sh., *gar, i bhfad, ó thuaidh, ó dheas*).



SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Dear agus eagraigh tóraíocht taisce sa chlós scoile.
- Dear agus/nó tabhair faoi dhúshlán agus gníomhaíochtaí treodóireachta.
- Dear, tóg agus tabhair faoi chúrsaí bacainní sa chlós scoile, spreag ranganna eile le páirt a ghlacadh.
- Déan tagairt shoiléir do stór focal a bhaineann le spásúlacht agus cluichí ar nós ‘Feicim le mo shúile beaga cinn’, cluiche corr, sacar, nó ‘Cá háit ar domhan?’ á n-imir aguibh.
- Tabhair faoi shintí íoga agus gníomhaíochtaí aclaithle le tacú le páistí maidir le gluaiseachtaí codanna éagsúla a gcoirp i gcoibhneas lena chéile a shainathint, m.sh., *sín do lámh dheas thar do chorp agus beir greim air le do lámh chlé, crom do ghluín ar dronuillinn, suigh agus do chosa trasna ar a chéile agat agus rothlaigh do chorp ar chlé, ag breathnú thar do ghualainn.*

